

Ag teacht i dtír ar oibrithe

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tslí a bhfuiltear ag teacht i dtír ar iascairí gan stádas in Éirinn. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. mí-úsáid	a. <i>trawlers</i>
2. bunadh	b. <i>it is denied</i>
3. trálaeir	c. <i>average wage</i>
4. fiosrúchán	d. <i>abuse</i>
5. calafoirt na tíre	e. <i>inquiry</i>
6. tionscal	f. <i>sea trout</i>
7. cloicheán	g. <i>traffickers</i>
8. breac geal	h. <i>industry</i>
9. séantar	i. <i>they were hoodwinked</i>
10. meánphá	j. <i>ports of the country</i>
11. líomhnaítear	k. <i>origin/people/kind</i>
12. cuireadh dallamullóg orthu	l. <i>prawn</i>
13. lucht gáinneála	m. <i>it is alleged</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair, le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus líon na bearnaí sa script leis na focail ó **Cheist 1** thuas. Bí cúramach! Beidh ort séimhiú a chur isteach ar thrí cinn de na focail.

Tá _____ mhór á baint as lucht oibre de _____ na hAfraice agus na hÁise ar _____ áirithe as Éirinn, de réir _____ nua.

Tá nuachtán an *Guardian* tar éis bliain a chaitheamh, a deir siad, ag fiosrú i g_____, ó Ghailimh ó dheas go Corcaigh.

Tá daoine gan stádas as Gána, an Éigipt, an India agus na hOileáin Philipíneacha ag obair ar bháid sa _____ agus _____.

Deir na hoibrithe go _____ cead i dtír go rialta dóibh agus nach n-íoctar leo ach leath an _____ náisiúnta.

Coinnítear tréimhsí fada gan chodladh iad a _____, gan aon lá scithe. Deir cuid acu gur _____ agus gur _____ a chuir ar na trálaeir iad.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís gan féachaint ar aon nótaí. An dtuigeann tú níos fearr í?

Ceist 4 Éist arís leis an mír arís agus aimsigh na hionraí de na focail seo a leanas:

an trálaer*
an calafort
an duine
an t-oileán
an bád
an t-oibrí
an tréimhse

*Cén difríocht atá idir *trálaeir* agus *trálaeirí*? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

Ceist 5 ‘...as Éirinn...’

Is minic a bhíonn mearbhall ar dhaoine faoi ainm na tíre seo. Líon na bearnaí leis an leagan ceart den fhocal.

Éire **Éirinn** **Éireann**

Is as _____ ó dhúchas mé.
Cé atá ag imirt anocht? _____ agus an Fhrainc.
Deirtear go bhfuil muintir na _____ an-chairdiúil.
Beidh sé ag teacht go h_____ amárach.
Cuireann Bus _____ seirbhís iontach ar fáil.
Is tír iontach í _____.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén pionós ba cheart don rialtas a chur ar dhaoine a bhíonn ag mí-úsáid oibríthe?
2. An bhfuil sé níos éasca, dar leat, teacht i dtír ar dhaoine in Éirinn nach Éireannaigh iad? Cén fáth?
3. Cad í an obair is déine a rinne tú féin go dtí seo i do shaol?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
d	k	a	e	j	h	l	f	b	c	m	i	g

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Bíodh plé oscailte agat leis an rang faoin méid a thuigeann siad agus cad a chuidíonn leo tuairiscí ar nós an chinn seo a thuiscint.

Ceist 4

an trálaer – na trálaeir (na trálaeirí a deirtear i gcanúint Chonnacht)

an calafort – na calafoirt

an duine – na daoine

an t-oileán – na hoileáin

an bád – na báid

an t-oibrí – na hoibrithe

an tréimhse – na tréimhsí

Ceist 5

Is as *Éirinn* ó dhúchas mé.

Cé atá ag imirt anocht? *Éire* agus an Fhrainc.

Deirtear go bhfuil muintir na *hÉireann* an-chairdiúil.

Beidh sé ag teacht go *hÉirinn* amárach.

Cuireann Bus *Éireann* seirbhís iontach ar fáil.

Is tír iontach í *Éire*.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá mí-úsáid mhór á baint¹ as lucht oibre de bhunadh na hAfraice agus na hÁise ar thrálaeirí² áirithe as Éirinn, de réir fiosrúchán nua.

Tá nuachtán an *Guardian* tar éis bliain a chaitheamh, a deir siad, ag fiosrú i gcalafoirt na tíre, ó Ghailimh ó dheas go Corcaigh.

Tá daoine gan stádas as Gána, an Éigipt, an India agus na hOileáin Philipíneacha ag obair ar bháid sa tionscal cloicheán agus breac geal.

Deir na hoibrithe go séantar cead i dtír go rialta dóibh agus nach n-íoctar leo ach leath an mheánphá náisiúnta.

Coinnítear tréimhsí fada gan chodladh iad a líomhnaítear, gan aon lá scíthe. Deir cuid acu gur cuireadh dallamullóg orthu agus gur lucht gáinneála a chuir ar na trálaeirí iad.

¹ á bhaint a deirtear sa mhír

² trálaeir an leagan caighdeánach